C/2025/474

22.1.2025

Foilsiú leasaithe chaighdeánaigh fhormheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint nó tásc geografach faoi chosaint san earnáil táirgí talmhaíochta agus táirgí bia, dá dtagraítear in Airteagal 6b(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún

(C/2025/474)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 6b(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 ón gCoimisiún ([1]).

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH AR AN TSONRAÍOCHT TÁIRGE LE hAGHAIDH AINMNIÚCHÁN TIONSCNAIMH FAOI CHOSAINT NÓ TÁSC GEOGRAFACH FAOI CHOSAINT DE THIONSCNAMH BALLSTÁIT A CHUR IN IÚL

‘Formaggio di Fossa di Sogliano’

Uimh. AE: PDO-IT-0580-AM01 – 30 Deireadh Fómhair 2024

ATFC (X) TGFC ( )

1. **Ainm an táirge**

‘Formaggio di Fossa di Sogliano’

2. **Ballstát ar leis an limistéar críochaithe**

An Iodáil

3. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

MASAF [Aireacht Talmhaíochta, Biafhlaithis agus Foraoiseachta]

4. **Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) formheasta**

Míniú ar an gcúis a dtagann na leasuithe faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach dá ndéantar foráil in Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012

Tagann na leasuithe faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach toisc nach leasaítear leo ainm an ainmniúcháin faoi chosaint ná úsáid an ainm sin, nach bhfuil baol ann go gcuirfear an nasc ar neamhní leo, agus nach bhfuil aon srian breise i gceist leo maidir leis an táirge a mhargú.

1. Baineann an leasú seo le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair, lena dtugtar isteach pór eallaigh amháin agus dhá phór caorach

An leagan atá ann faoi láthair:

Is iad na pórtha eallaigh atá le húsáid chun bainne a tháirgeadh Frisona Italiana (Freaslannach na hIodáile), Bruna Italiana (Donn na hIodáile), Pezzata Rossa (Rua Alabhreac) agus crosphórtha gaolmhara; is iad Sarda, Comisana, Massese, Vissana, Cornella White, Fabrianese, delle Langhe, Pinzirita agus crosphórtha gaolmhara na pórtha caorach.

Leagan nua:

Is iad na pórtha eallaigh atá le húsáid chun bainne a tháirgeadh Frisona Italiana (Freaslannach na hIodáile), Bruna Italiana (Donn na hIodáile), Pezzata Rossa (Rua Alabhreac), Geirseog agus crosphórtha gaolmhara; is iad na pórtha caorach Sarda, Comisana, Massese, Vissana, Cornella White, Fabrianese, delle Langhe, Lacaune, Assaf, Pinzirita agus crosphórtha gaolmhara.

([1]) IO L 179, 19.6.2014, lch. 17.

Cúis:

Tá údar maith le pór eallaigh Geirseoige agus pórtha caorach Lacaune agus Assaf a chur isteach mar gheall ar a n-oiriúnacht do thithíocht leathfhosaithe. Le thart ar 10 mbliana anuas tá na feirmeacha faoi réir ionsaithe minice agus díobhálacha ag mic tíre a bhíonn ag fánaíocht ar an limistéar táirgeachta, fiú i rith an lae, rud a chuireann iallach ar fheirmeoirí tréimhsí innilte a laghdú agus tús áite a thabhairt do phórtha atá níos oiriúnaí do bheith á gcoinneáil i dtithíocht más gá.

Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

2. Leasú maidir le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge agus pointe 3.3 den doiciméad aonair a mhéid a bhaineann le saintréithe an bhainne

Scriosadh an méid seo a leanas:

Is iad seo a leanas saintréithe an bhainne:

BAINNE BÓ

% saille de réir toirte = > 3,4

% próitéine de réir toirte = > 3,0

Áireamh baictéar UF/ml = < 100 000

Cealla sómacha/ml = < 350 000

Gineadóirí spór anaeróbach/lítear = ceann ar bith

Coscairí = ceann ar bith

Pointe crióscópach °C = < 0,520

BAINNE CAORACH

% saille de réir toirte = > 6,0

% próitéine de réir toirte = > 5,4

Áireamh baictéarach UF/ml = < 1 400 000

Cealla sómacha/ml = < 1 400 000

Coscairí = ceann ar bith

Cúis:

Is simpliú ar an tsonraíocht é sin, rud a chuireann ar chumas táirgeoirí seiceálacha tríú páirtí a shimpliú agus a seiceálacha féin a mhéadú. Thairis sin, cruthaíodh nach bhfuil aon tionchar ag na paraiméadair sin ar shaintréithe cáilíochta an táirge.

In aon chás, ní mór go gcomhlíonann an bainne na caighdeáin shainordaitheacha.

Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

3. Baineann an leasú seo le hAirteagal 5 den tsonraíocht táirge a mhéid a bhaineann leis an modh táirgthe.

An leagan atá ann faoi láthair:

Ní mór cáiseanna aibí atá le haosú sa chlais a bheith glan agus saor ó mhúscán, iniata i málaí canbháis neamhdhaite atá ceangailte le sreangán nádúrtha agus i gcás inarb iomchuí séalaithe le bandaí nó strapaí oiriúnacha.

Leagan nua:

Ní mór cáiseanna aibí atá le haosú sa chlais a bheith glan agus saor ó mhúscán, iata i málaí canbháis neamhdhaite atá ceangailte le sreang agus/nó bandaí agus/nó strapaí oiriúnacha.

Cúis:

Leis an leasú atá beartaithe, cuirtear san áireamh an taithí a fuarthas i gcaitheamh na mblianta, rud a léirigh gur gá a bheith in ann ábhair mhalartacha a úsáid atá níos éasca a láimhseáil.

Ní dhéanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

‘Formaggio di Fossa di Sogliano’

Uimh. AE: PDO-IT-0580-AM01 – 30 Deireadh Fómhair 2024

ATFC (X) TGFC ( )

1. **Ainm nó ainmneacha (an ATFC nó an TGFC)**

‘Formaggio di Fossa di Sogliano’

2. **Ballstát nó tríú tír**

An Iodáil

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 04 – TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA; UIBHEACHA ÉAN; MIL NÁDÚRTHA; TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH, NACH bhFUIL SONRAITHE NÁ ÁIRITHE IN ÁIT EILE

0406 – Cáis agus gruth

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Nuair a scaoiltear cáis ATFC ‘Formaggio di Fossa di Sogliano’ lena tomhailt, tá na saintréithe seo a leanas aici:

Athraíonn dath an taobh amuigh den táirge críochnaithe ó bhán eabhair go buí ómra.

Ag deireadh an phróisis aosaithe, athraíonn meáchan cháiseanna aonair ATFC ‘Formaggio di Fossa di Sogliano’ ó 500 (cúig chéad) gram go 1 900 (míle naoi gcéad) gram. Bíonn cruth neamhrialta ar na cáiseanna le meallta agus loig; bíonn an dromchla tais agus gréisceach go príomha, agus i gcásanna áirithe d’fhéadfadh sé a bheith clúdaithe le saill ime agus múscán is féidir a scríobadh go héasca. Ina theannta sin, is comhartha sóirt de chuid an táirge scoilteanna beaga agus i gcásanna áirithe marcanna ócair bhuí de dhéine éagsúil ar an dromchla. Ní bhíonn aon chraiceann, nó ní bhíonn ach craiceann fíorbheag ann. Taobh istigh, bíonn raimhre leathchrua ag an gcáis agus imíonn sí ina brus go héasca, agus bíonn dath ómra bán nó dath buí éadrom na tuí uirthi. Tá an dea-bholadh saintréitheach agus marthanach, dian uaireanta, agus tá dea-bholaithe saibhre uirthi a chuireann casarnach coillearnaí i gcuimhne le himireacha múscáin agus strufail.

Athraíonn an blas de réir chomhdhéanamh na cáise aosaithe, i gcomhréir leis na saintréithe seo a leanas:

— bíonn blas aramatach ar cháis bhainne na gcaorach agus mar aon le blas cumhra, dian agus taitneamhach, atá beagán géar agus chóir a bheith suntasach;

— bíonn cáis bhainne na mbó fíneálta agus éadrom, measartha goirt agus beagán aigéadach, le ruainnín searbhais;

— bíonn blas taitneamhach cothrom ar an gcáis bhainne mheasctha atá idir goirt agus milis, le ruainnín searbhais;

— Is beag idirdhealú atá i gcáis ATFC ‘Formaggio di Fossa di Sogliano’ idir an craiceann agus an cháis féin, agus is féidir í ar fad a ithe dá bhrí sin gan an chuid sheachtrach den chraiceann a bhaint. Má tá marcanna soiléire nó saill ime ar an gcraiceann, féadfar iad a bhaint tríd an dromchla a scríobadh go héadrom.

— Tá cion saille an ábhair thirim níos mó ná 32 %.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Féadfar beostoc a choinneáil laistigh ar féarach. Is éard atá sa bheatha bhunúsach d'ainmhithe atá lonnaithe farae lena gcuimsítear féara agus plandaí léagúmacha a bhailítear ó mhóinéir mhonaifíteacha, olagaifíteacha agus pholaifíteacha sna limistéir a léirítear i bpointe 4; cinneann na limistéir sin cáilíocht an táirgthe bainne i gcomhréir lena saintréithe aeráide agus ithreach. Bíonn ainmhithe ar féarach ag innilt na mbarr farae céanna agus a úsáidtear chun féar tirim a dhéanamh, agus móinéir pholaifíteacha spontáineacha, atá saibhir i bhflóra le speicis féir, toir agus crann. Féadfar féar tirim nó farae glas agus innilt a fhorlíonadh le hábhair bheatha dhíreacha (cineál amháin gráin) nó beatha chumaisc (roinnt cineálacha gráin), agus d'fhéadfaí táirgí mianracha/vitimíní a chur leo. Níor cheart go rachadh na hábhair bheatha a úsáidtear chun an aiste bia a fhorlíonadh thar 30 % den chiondáil laethúil iomlán. Ní cheadaítear sadhlas a úsáid.

Is éard atá san amhábhar chun cáis ATFC 'Formaggio di Fossa di Sogliano' a tháirgeadh bainne caorach nó bó ó fheirmeacha atá lonnaithe sa limistéar geografach sainithe. Is iad na pórtha eallaigh atá le húsáid chun bainne a tháirgeadh Frisona Italiana (Freaslannach na hIodáile), Bruna Alpina (Donn na nAlp), Pezzata Rossa (Rua Alabhreac), Geirseog agus crosphórtha gaolmhara; is iad na pórtha caorach Sarda, Comisana, Massese, Vissana, Cornella White, Fabrianese, delle Langhe, Pinzirita, Lacaune, Assaf agus crosphórtha gaolmhara.

Tagann an bainne a úsáidtear ó dhá bhleán laethúla. Ní mór na cineálacha bainne seo a leanas a úsáid chun an cháis a tháirgeadh, agus iad amháin:

bainne iomlán caorach: BAINNE CAORACH

bainne iomlán bó: BAINNE BÓ

meascán de bhainne iomlán bó (80 % ar a mhéad) agus bainne iomlán caorach (20 % ar a laghad): MEASCTHA

Úsáidtear bainne iomlán amh nó paistéartha. Tá toirmeasc ar bhreiseáin a úsáid.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór na céimeanna a bhaineann le táirgeadh bainne, déanamh cáise agus aosú faoi thalamh cháis ATFC 'Formaggio di Fossa di Sogliano' a dhéanamh sa limistéar geografach a léirítear i bpointe 4.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Déantar cáis ATFC 'Formaggio di Fossa di Sogliano' a phacáistiú lena dáileadh chun saintréithe an táirge a chaomhnú i gcomhréir leis na nósanna imeachta pacáistithe seo a leanas:

— díolta sna málaí aosaithe;

— díolta agus iad folúsphacáilte ina gcáiseanna iomlána nó ina sciartha;

— díolta ina gcáiseanna iomlána nó ina sciartha i dtráidirí crapchlúdaithe;

— díolta ina gcáiseanna iomlána nó ina sciartha atá fillte i bpáipéar biaghráid.

Is féidir cáis ATFC 'Formaggio di Fossa di Sogliano' atá pacáistithe ar na bealaí sin a phacáil i málaí éadach nó i gclúdach, nó i mboscaí adhmaid nó cairtchláir.

Ní mór roinnt agus pacáistiú a dhéanamh sa limistéar a léirítear i bpointe 4, ós rud é nach bhfuil idirdhealú soiléir ann a thuilleadh idir an craiceann agus an cháis féin tar éis do na cáiseanna a bheith sa chlais aosaithe, mar thoradh ar an gcoipeadh anaeróbach a tharlaíonn le linn na céime sin den phróiseáil, agus go bhfuil na cáiseanna fliuch agus gréisceach agus leochaileach ó bheith tirim nó crua. Dá bhrí sin, ní mór an táirge a phacáistiú roimh an dáileadh tráchtála chun foirmiú scoilteanna a sheachaint agus chun saintréithe an táirge a chaomhnú.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a bheith ar an lipéad i gcló soiléir inléite, mar aon leis an ainm, an lógó, siombail ghrafach an Chomhphobail agus na téarmaí ábhartha (i gcomhréir le ceanglais Rialachán (CE) Uimh. 1898/2006 agus leasuithe ina dhiaidh sin), agus an fhaisnéis a chomhfhreagraíonn do na ceanglais dlí:

— an cineál bainne a úsáidtear (bainne caorach, bainne bó, measctha);

— na focail '*da latte crudo*' [bainne amh] le haghaidh cáiseanna a tháirgtear le bainne neamhphaistéartha;

— an t-ainm, ainm nó trádmharc na cuideachta, suíomh an cháiseora nó na claise cáise, agus suíomh an phacáisteora murab ionann é agus na catagóirí roimhe sin;

— uimhir aitheantais na claise cáise, lena léirítear aosú an earraigh le 'PRM' agus aosú an tsamhraidh le 'EST'.

Tá toirmeasc ar aon tuairisc a chur isteach nach bhforáiltear go sainráite ina leith. Féadfar tagairtí d'ainmneacha branda a úsáid, áfach, ar choinníoll nach bhfuil aon chiall mholta leo agus nach gcuirfidís an ceannaitheoir amú.

Is éard atá i lógó cháis ATFC 'Formaggio di Fossa di Sogliano' líníocht stílithe de chlais, a bhfuil a imlíne i bhfoirm traipéisiam chomhchosaigh agus léiríonn sé gaineamhchloch, agus léiríonn an cruth istigh na cáiseanna a thagann chun cinn ó bhun oscailte an traipéisiam. I lár na claise tá siombail araltais réimse Malatesta, sin eilifint. Tá dath dearg ar an dearadh ar chúlra bhuí na tuí. Faoin leathchiorcal a chruthaíonn príomhbhun an traipéisiam, tá na focail 'FORMAGGIO DI FOSSA' sa chéad líne agus 'ATFC DI SOGLIANO' sa dara líne.

I leathchiorcal os cionn imeall uachtarach na claise stílithe, feictear na focail 'Sogliano al Rubicone, Talamello agus Terre Malatestiane', chun an leanúnachas stairiúil agus an nasc leis an limistéar a léiriú.

Níor cheart an t-achar a chumhdaítear leis an lógó aitheantais a shonraítear thuas a bheith níos lú ná 25 % d'achar dromchla iomlán an lipéid.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Cuimsíonn limistéar táirgeachta ATFC 'Formaggio di Fossa di Sogliano' críoch iomlán chúigí Forlì-Cesena, Rimini, Ravenna, Pesaro-Urbino, Ancona, Macerata agus Ascoli Piceno, agus cuid de chríoch chúige Bologna ina bhfuil bardais Borgo Tossignano, Casalfiumanese, Castel San Pietro Terme, Castel del Rio, Dozza, Fontanelice, Imola, Loiano, Monghidoro, Monterenzio, agus Pianoro.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Sainiúlacht an limistéir gheografaigh:

Síneann an limistéar táirgeachta le haghaidh cháis ATFC 'Formaggio di Fossa di Sogliano' feadh bhunchnoic agus chnoic dhroim na nAipiníní idir réigiúin Romagna agus Marche. Is iad na saintréithe geomoirfeolaíocha ithreacha cré agus gainimh, nó teaglamaí díobh sin, a eascraíonn as na tréimhsí Pléicéineacha íochtaracha agus Ceathartha reatha. Tochlaítear na láithreáin chlaise i bhfoirmíocht atá comhdhéanta de shraith de ghaineamhchlocha míocacha iathchlochacha, nach mbíonn ró-stroighnithe de ghnáth, dath buí-donn nó scothbhuí orthu, i sraitheanna tiúis idir thart ar 30/40 cm agus 1 m, le leibhéil thanaí mhalartacha de chréanna marla liatha agus liathghorma.

Sainiúlacht an táirge:

Tá 'Formaggio di Fossa di Sogliano' difriúil ó tháirgí eile sa chatagóir chéanna mar gheall ar a dea-bholadh a bhaineann go sonrach léi agus a dea-bholadh marthanach, a bhíonn dian uaireanta, le dea-bholaithe saibhre a chuireann casarnach coillearnaí i gcuimhne le himreacha múscáin agus strufail. Tá na saintréithe sin nasctha go dlúth leis an modh táirgthe, a bhfuil aosú i gclaiseanna ina ghné shonrach de. Sula gcuirtear na cáiseanna sna claiseanna, ullmhaítear na claiseanna go hoiriúnach agus an modh seo a leanas á úsáid: nuair nach bhfuil siad in úsáid, coimeádtar na claiseanna dúnta trí bhíthin clúdaigh adhmaid a bhfuil gaineamh nó carraigeacha curtha leo; chun iad a ullmhú lena n-úsáid, osclaítear na claiseanna, aeraítear iad agus ansin déantar iad a dhíghalrú le tine agus deatach trí chainníochtaí beaga tuí cruithneachta a dhó taobh istigh. Nuair a bhíonn an tine múchta, glantar na claiseanna chun gach rian luatha a bhaint. Cuirtear ardán ardaithe déanta as cláir adhmaid neamhchóireáilte ag bun gach claise. Ligeann sé sin don leacht sailleach a tháirgtear le linn choipeadh na cáise de réir mar a théann sí in aois a dhraenáil. Tá ballaí na claise líneáilte le sraith de 10 cm ar a laghad de thuí cruithneachta le tacaíocht ó fhálú giolcach ingearach. Líontar an chlais go dtí an barr trí na málaí cáise a chur i gceann a chéile. Tar éis tréimhse shocraithe nach faide ná 10 lá, féadfar an chlais a athlíonadh le táirge den chineál céanna a chur isteach sa spás a cruthaíodh. Nuair a bhíonn an chlais lán, bíonn an barr clúdaithe le héadach neamhdhaite atá oiriúnach le húsáid le bia-ábhair, agus/nó tuí, chun trasghalú a chosc. Dúntar an chlais ansin trí bhíthin clúdach adhmaid, atá séalaithe le plástar nó moirtéal gaineamhchloiche aolchloiche. Ceadaítear clúdach breise agus carraigeacha, púdair gaineamhchloiche, gaineamh agus/nó cláir á n-úsáid. Tosaíonn an t-aosú ón bpointe sin. Níor cheart na claiseanna a oscailt le linn an phróisis aosaithe ar fad. Bíonn an t-am a fhanann na cáiseanna sa chlais idir 80 lá ar a laghad agus 100 lá ar a mhéad.

Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge (i gcás ATFC) nó cáilíocht shonrach an táirge, an cháil atá air nó saintréith eile an táirge (i gcás TGFC):

Tá údar maith leis an iarratas ar chlárú ATFC 'Formaggio di Fossa di Sogliano' mar gheall ar ghnéithe uathúla a próisis táirgthe, atá nasctha go doscaoilte lena timpeallacht gheografach shonrach agus lena haeráid shonrach, agus an traidisiún fíor-áitiúil a d'fhan seasmhach agus gan bhriseadh thar na céadta blianta, arna gcoinneáil ar bun ag na hoibreoirí claiseanna cáise a thug eolas agus saineolas ar aghaidh ó ghlúin go glúin. Thosaigh an traidisiún mar atá an cháis a aosú i gclaiseanna sna Meánaoiseanna agus ba ghearr go raibh sé ina chuid lárnach de shaol na tuaithe sa limistéar idir gleannta Rubicon agus Marecchia agus chomh fada le habhainn Esino, a chuimsíonn réigiúin Romagna agus Marche. Bhí baint nádúrtha ag úsáid claiseanna leis an ngá atá leis an táirge a chaomhnú, chomh maith leis an mian é a chosaint ar ruathair ag treibheanna agus airm a rinne iarracht seilbh a fháil ar an gcríoch in imeacht na gcéadta blianta. Rinneadh na claiseanna a thochailt as an gcarraig ghaineamhchloiche bheo agus fágadh garbh iad. Bhí an ghníomhaíocht sin chomh coitianta sin gur tugadh rialacháin shonracha isteach chun í a rialú. Téann na chéad doiciméid maidir leis na claiseanna agus na teicnící chun iad a úsáid siar go dtí an 14ú céad agus tagann siad ó chartlanna mhuintir Malatesta, úinéirí na talún. Ó bhí 1350 ann bhunaigh fearann Malatesta Compagnia dell'Abbondanza i mballaí, eastáit agus 'tumbae' na cathrach, ar tithe feirme iad atá scaipthe ar fud an cheantair. Baineadh úsáid as na claiseanna chun grán agus cineálacha éagsúla bia a stóráil, a cheilt agus a chaomhnú, agus chun cáis a aosú, mar réamhchúram in aghaidh léigear, eipidéimí nó gortaí, agus chun diantéarmaí na gconarthaí feirmeoireachta a sheachaint. Le linn na gcéadta blianta lean an gnás, gan athrú agus gan bhriseadh, i gcomhréir leis na rialacha atá leagtha síos ag muintir Malatesta.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.politicheagricole.it/flex/cm/pages/ServeAttachment.php/L/IT/D/1%252F0%252F3%252FD.ad1b3415859559b1d09e/P/BLOB%3AID%3D3340/E/pdf?mode=download